Bord Gáis Energy
*samhlaímis*

# Sa bhaile

Nollaig / Eanáir 2010

SAN EAGRÁN SEO

**Sábháil suas le €200** trí chnaipe a bhrú

Foghlaim conas **do mhéadar a léamh** tú féin

Faigh **míniú simplí ar do bhille**

# Fáilte romhat chuig Sa bhaile

Agus 2010 ag tosú, tá gach duine ag súil lena bhfuil i ndán dúinn sa Bhliain Úr. Idir dhea-rúin agus sladmhargaí, tréimhse ghnóthach is ea tús na bliana úire. Is chuige sin atá ránnán san eagrán is déanaí de Sa bhaile chun cabhrú leat do **mhéadar gáis a léamh** gan stró. Chomh maith leis seo tá **míniú ar do bhille** atá simplí i dtreo is gur féidir é a thuiscint i gcúpla nóiméad, ionas go mbeidh am breise agat díriú ar dhea-rúin sin na Bliana Úire.

Le leideanna cliste ó Fhuinneamh Inmharthana Éireann, is cinnte go ndéanfaidh tú **coigiltí móra** - conas is féidir é sin a shárú mar thús na Bliana Úire?

Mar sin lig do scíth ar feadh cúpa nóiméad agus bain sult as an eagrán is déanaí de Sa bhaile. Cuimhigh, más mian leat ceist ar bith a chur orainn, ní gá duit ach líne a scríobh chugainn ag **athome@bordgaisenergy.ie**. Is breá linn i gcónaí cloisteáil uait agus bíonn áthas orainn cabhrú leat ar aon bhealach is féidir!

**TRACY KENNEDY** *Ceannasaí Oibríochtaí Custaiméirí*
BORD GÁIS ENERGY

**STAITISTICÍ TÁBHACHTACHA**

## 20°C

seiceáil teocht do sheomraí, is í an teocht idéalach don seomra suí ná thart ar 20°C .

## 6 bhille gáis

a chuirtear amach sa bhlian bunaithe ar na léamha ó do mhéadar. Déantar meastachán ar phéire agus bíonn ceithre cinn bunaithe ar fhíorléamha méadair.

## Sábháil €200

ar do bhille fuinnimh, ní fheadfadh sé bheith níos fusa le roinnt leideanna cliste.

Gearr siar ar do chostais, i dteach te teolaí

# Athraigh do chuid teasa chuig

# agus sábhálfaidh tú neart airgid



Níl tada níos measa ná troid le Seáinín Seaca ar an mbealach abhaile ach níl tada níos fearr ná dul trí dhoras an halla chuig teach breá teolaí. Tá bealach ann áfach, inar féidir leat do bhille teasa a laghdú agus a bheith fós ar do sháimhín só.

Bíonn an teirmeastat ró-ard ag a lán daoine. Má íslíonn tú céim amháin é, ionas go mbeidh sé ag 20 céim, teocht a bheidh compordach, d'fhéadfá do bhille teasa a laghdú suas go dtí €100 in aghaidh na bliana. D'fhéadfá €100 breise a shábháil má úsáideann tú an teas nuair is gá agus pé áit ar gá agus sin amháin.

Is féidir neart leideanna agus comhairle breise a fháil ó Fhuinneamh Inmharthana Éireann **www.sei.ie/powerofone**.

## FAIGH DEONTAS

**Tugann an scéim Coigilte Fuinnimh Tí (HES) deontais d'úinéirí tí ar spéis leo éifeachtacht fuinnimh a dtithe a fheabhsú.**

**Tabhair cuairt ar www.sei.ie/hes nó glaoigh ar 1850 927 000 chun tuilleadh eolais a fháil.**

sei SUSTAINABLE ENERGY IRELAND | power of one

# Bealaí furasta chun do léamh méadair a thabhairt dúinn



**Is iondúil go gcuirimid sé bhille gáis nádúrtha chugat in aghaidh na bliana, agus de ghnáth bíonn ceithre cinn díobh seo bunaithe ar léamh do mhéadair agus péire bunaithe ar mheastacháin. Déanann Bord Gáis Networks na léamha méadair agus na meastacháin seo. Sa chás nach raibh Bord Gáis Networks ábalta do mhéadar a léamh nó más mian leat bille measta a nuashonrú is féidir leat léamh do mhéadair féin a sheoladh chugainn ar cheann de na modhanna éasca seo.**

**Guthán**
Glaoigh orainn ag 1850 632 632 agus déan de réir na leideanna gutha.

**Suíomh Gréasáin**
Logáil isteach ar www.bordgaisenergy.ie, téigh ar ár rannán um bainistíocht cuntas agus roghnaigh 'Submit Reading'. Más rud é nach bhfuil tú cláraithe fós bíodh do bhille in aice láimhe agat le clárú.

## An bhfuil eochair don bhosca méadair uait?

Má tá bosca méadair agat, beidh eochair don bhosca méadair uait más mian leat é a oscailt agus an méadar a léamh. Tá sé tábhachtach freisin eochair don bhosca méadair a bheith agat ionas gur féidir leat do sholáthar gáis a chasadh as ón mbosca méadair.

Glaoigh ar Bord Gáis Networks chun eochair don bhosca méadair a ordú: **1850 200 694**

## MÉADAR DIGITEACH A LÉAMH

Is féidir dhá chineál méadar a bheith ann: Digiteach nó cárta diaile (cloig).

Féach le do thoil ar an léaráid thíos chun treoracha a fháil maidir le ceithre nó cúig mhéadar dhigiteacha diaile a léamh.




Is é an léamh ar an méadar seo ná 5810.

## MÉADAR CÁRTA DIAILE (CLOIG) A LÉAMH

Má léirítear sraith diaileanna (cloig) ar do mhéadar, ar nós na léaráide atá le feiceáil, ba cheart duit gan aird a thabhairt ar an dá dhiail ag an mbarr agus úsáid a bhaint as na ceithre dhiail bheaga ag an mbun chun do mhéadar a léamh. Nuair a bhíonn léamh do mhéadair á thabhairt agat, ba cheart duit an diail a léamh ar clé ar dtús agus bogadh ar deiseal ansin. Léirítear an léamh méadair trí shuíomh an bhioráin ar an diail. Má tá an biorán idir dhá fhigiúr, bain úsáid as an bhfigiúr is ísle, e.g. má tá sé idir 7 agus 8, bain úsáid as 7. Ach má tá an biorán idir 9 agus 0, bain úsáid as 9.

An léamh ar an méadar seo is ea 7

An léamh ar an méadar seo is ea 4

An léamh ar an méadar seo is ea 7

An léamh ar an méadar seo is ea 9

# do bhille **gáis nádurtha**

Bord Gáis Energy
samhlaímis

An tUas. Seán Samplach (1)
Aon Sráid,
Aon Bhaile,
Aon Chontae

| | |
|---|---|
| Tréimhse bhilleála | 01 Dfó 09 – 01 Nol 09 |
| Dáta eisiúna | 04 Nol 09 |

Uimhir an chuntais (2) 1234567890

| UIMH. MHÉADAIR | LÉAMHA MÉADAIR | | TIONTÚ | | GÁS ÚSÁIDTE | GPRN | BANDA AC |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | FAOI LÁTHAIR LÚIDE | ROIMHE SEO | AONAID | X FACHTÓIR TIONT. | kWh | | |
| 000001 (3) | 12626 (4) | 12314 | 312m³ (5) | 11.3911 (6) | 3554 (7) | 0123456 (8) | B (9) |

**A:** Léamh leasaithe / **C:** Léamh a thógann an custaiméir / **E:** Léamh measta

| | MÉID € |
|---|---|
| **Iarmhéid Roimhe seo** | €128.55 |
| 18 Deireadh Fómhair 09 Dóchar Díreach - Go Raibh Maith Agat €128.55CR | |
| Íocaíochtaí Iomlána | €128.55CR |
| **Gnáth-Tharaif Teaghlaigh (02 Deireadh Fómhair 2009 go 01 Nollaig 2009)** | |
| Gnáth-Tháille 0.164 do 61 lá (10) €10.03 | |
| Ráta Aonaid 0.04274 do 3554 kWh (11) €151.90 | |
| Iomlán gan C.B.L. €161.93 | |
| C.B.L. @ 13.5% €21.86 | |
| Iomlán le C.B.L. | €183.79 |

Uimhir éigeandála
**1850 20 50 50**
**Oifig Chláraithe Bord Gáis Éireann:**
Bóthar na nOibreacha Gáis
Corcaigh. Uimhir CBL: IE 9Y661020

| LE MAOINIÚ CREIDMHEASA CURTHA SAN ÁIREAMH | ÍOC LE DO THOIL FAOIN | IOMLÁN € |
|---|---|---|
| Tada | Dóchar Díreach 18 Nollaig 09 (13) | €183.79 |

Dochar Díreach - an modh éasca do bhille a íoc.
Glaoigh ar 1850 632 632

Leathanach 1 de 1

Bord Gáis Energy

STAMPA AIRGEADÓRA & INISEALACHA

(12)

**Banc AIB**, 40/41 Sráid Westmoreland, Baile Átha Cliath 2
**Uimhir an chuntais:** 13007016 **Cód sortála:** 93-33-84
**BIC:** AIBKIE2D **IBAN:** IE95 AIBK 9333 8413 0070 16

| AISTRIÚ CREIDMHEASA GÍORÓ BAINC | |
|---|---|
| AIRGEAD TIRIM BOINN € | |
| IOMLÁN AIRGEAD TIRIM € | |
| SEICEANNA ETC. € | |

Uimh. chuntais an chustaiméara: 1234567890

An tUas. Seán Samplach

**IOMLÁN** € €183.79

NÁ MARCÁIL FAOIN LÍNE SEO LE DO THOIL

01234 123456789012 0123456 931039

⑈999999⑈ 93⑆33841⑆ 13007016⑈ 89

# Míniú ar do bhille

**Seo an cruth atá ar do bhille démhíosúil ó Bord Gáis Energy. Chuireamar an treoir ghearr seo le chéile le míniú simplí a thabhairt duit i nóiméid. Tugtar léiriú ar na páirteanna is tábhachtaí de do bhille agus mínítear an bhrí atá leo duitse.**

## 1 Seoladh billeála
An seoladh a seoltar an bille chuige le haghaidh íocaíochta.

## 2 Uimhir an chuntais
Tabhair an uimhir seo le do thoil agus tú ag dul i dteagmháil leis an rannóg um sheirbhísí do chustaiméirí.

## 3 Uimhir mhéadair
Tá an uimhir mhéadair uathúil don mhéadar fisiciúil. Má athraítear do mhéadar is amhlaidh go n-athrófar uimhir an mhéadair.

## 4 Léamha méadair
Léirítear do léamha méadair reatha agus cinn roimhe seo. Má leanann 'A' na figiúirí is amhlaidh go bhfuil leasú déanta ar an mbille roimhe sin. Léiríonn “C” go ndearna an custaiméir an léamh. Léiríonn “E” gur léamh measta atá ann (rud a cheartófar faoin gcéad fíorléamh eile).

## 5 Aonaid
Léiríonn an figiúr seo uimhir na n-aonad i méadair chiúbacha nó troithe ciúbacha ($M^3$ nó troithe$^3$) a bhfuil bille á fháil agat ina dtaobh.

## 6 Fachtóir tiontaithe
An fachtóir tiontaithe a úsáidtear chun an gás a choinbhéartú ó mhéadair chiúbacha nó troithe ciúbacha go kWh.

## 7 kWh
An figiúr i gcileavatuaireanta a bhfuil bille á fháil agat dó.

## 8 GPRN
(Uimhir chláraithe an Phointe Gáis) Úsáidtar an uimhir thagartha 7 ndigit seo chun nasc méadar gáis leis an líonra gáis a shainaithint.

## 9 Banda AC
(Banda Ídithe Bhliantúil) Is faoi cheann amháin de na cúig bhanda-raon A, B, C, Y agus Z  a bhíonn d’úsáid bhliantúil as gás nádúrtha. Is mar seo a leanas atá an cur síos ar na bandaí:
**A:** Níos lú ná 6,000kWh
**B:** idir 6,000 kWh agus 23,500 kWh
**C:** idir 23,500 kWh agus 73,000 kWh
**Y:** idir 73,000 kWh agus 750 MWh
**Z:** idir 750 MWh agus 5,200 MWh

## 10 Buanmhuirear
Bíonn an buanmhuirear ar gach bille agus tú ar an ngáth-tharaif

## 11 Ráta
An ráta atá i bhfeidhm sa bhille e.g. gnáth-tharaif.

## 12 Aistriú creidmheasa le gíoró bainc
Is é seo an gíoró bainc a d'fhéadfá a úsáid chun do bhille a íoc.

## 13 Iomlán
Seo méid iomlán do bhille.